# Téarmaí Tagartha
# Choiste Cuardaigh UCD le haghaidh
# Cheapachán an Uachtaráin

Déanfaidh an Coiste Cuardaigh na nithe seo a leanas, ag tabhairt aird mar is cuí ar reachtanna na hOllscoile:

1. Na nósanna imeachta faofa ag an Údarás Rialaithe maidir le ceapadh Uachtarán UCD a chur i bhfeidhm i gcomhréir le téarmaí tagartha an Choiste chuardaigh.
2. Próifíl phost an Uachtaráin a thabhairt chun críche lena n-áirítear na tréithe agus na cáilíochtaí atá de dhíth ar iarrthóirí d'oifig an Uachtaráin agus tuairimí chomhaltaí na hOllscoile agus na daoine iomchuí lasmuigh den Ollscoil á dtabhairt isteach.
3. Na critéir a úsáidfidh an Coiste Roghnaithe chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí don oifig a fhorbairt.
4. Bróisiúr an iarrthóra chun folúntas an Uachtaráin a chur chun cinn a chur i gcrích.
5. Toradh phróiseas na tairisceana do ghníomhaireacht feidhmiúcháin cuardaigh a fháil, agus chun an ghníomhaireacht sin a chur ar conradh, a chur i gcrích.
6. Obair na gníomhaireachta feidhmiúchán cuardaigh a mhaoirsiú chun an toradh is fearr a fháil sa phróiseas ceapacháin ag cinntiú go bhfuil na hiarrthóirí atá rannpháirteach sa phróiseas ar an gcaighdeán is airde, lena n-áirítear iarrthóirí laistigh agus lasmuigh den Ollscoil agus rannpháirtíocht idirnáisiúnta éifeachtach a chinntiú.
7. Liosta iomlán d'iarrthóirí a fháil ón ngníomhaireacht feidhmiúcháin cuardaigh agus an liosta sin a chur faoi bhráid an Choiste Roghnaithe go tráthúil, in éineacht leis na critéir roghnúcháin agus aon tráchtaireacht chuí.
8. Tuairisciú a dhéanamh don Údarás Rialaithe maidir le dul chun cinn obair an Choiste Chuardaigh.

### Leagan amach an Choiste*

Is é an tÚdarás Rialaithe a cheapfaidh an Coiste Cuardaigh, agus beidh an Coiste comhchurtha de naonúr (9) comhaltaí, lena n-áirítear an Cathaoirleach, mar seo a leanas:

1. Áireofar beirt (2) chomhaltaí seachtracha sa chúigear (5) comhaltaí den Údarás Rialaithe, beirt (2) bhall foirne (ón ghrúpa d'ionadaithe na foirne acadúla agus neamhacadúla) agus (1) ionadaí amháin de chuid na mac léinn.
2. Beirt (2) chomhaltaí den Chomhairle Acadúil, tofa ag an gComhairle Acadúil.
3. Beirt (2) chomhaltaí neamhspleácha, seachtracha.

Is comhalta seachtrach den Údarás Rialaithe a bheidh i gCathaoirleach an Choiste Chuardaigh. Ceapfar Leas-Chathaoirleach, a bheidh mar chomhalta seachtrach den Údarás Rialaithe, agus a dhéanfaidh cathaoirleacht dá mbeadh an Cathaoirleach as láthair go sealadach. Déanfar cinntí agus gach duine ar aon intinn, ach munar féidir é seo a dhéanamh beidh vóta ag gach comhalta den Choiste Cuardaigh. I gcás comhscór vótaí, beidh vóta réitigh, a d(h)ara vóta, ag Cathaoirleach an Choiste. Cloífidh comhaltas an Choiste Chuardaigh le treoirlínte UCD maidir le rialachán i dtaca

le cothromaíocht inscne ar choistí.

*Má scoireann comhalta den Choiste Cuardaigh de bheith ina c(h)omhalta den toghcheantar ónar ceapadh é nó í, cinnfidh an tÚdarás Rialaithe ar chóir dó nó di staonadh de bheith ina c(h)omhalta den Choiste. Má bhíonn folúntas ann, féadfaidh an tÚdarás Rialaithe comhalta ionadaíoch a cheapadh ón toghcheantar céanna.

### Rúnaí an Choiste

Feidhmeoidh an Stiúrthóir, Rúnaíocht na hOllscoile mar Rúnaí an Choiste Chuardaigh ach ní bheidh sé/sí ina c(h)omhalta den Choiste Cuardaigh.

### Rúndacht na n-Imeachtaí

Is coinníoll le haghaidh chomhaltas an Choiste Chuardaigh é go mbeidh a phlé agus gach ábhar a bhaineann lena himeachtaí **faoi rún daingean**. Is gealltanas é glacadh le comhaltas go forleanfar go daingean leis an gcoinníoll seo.

### Ionduchtú

Cuirfear seisiún tionscnaimh ar fáil do gach comhalta den Choiste Cuardaigh ar mhaithe le gach duine aonair ar an gCoiste Cuardaigh agus don Choiste Cuardaigh ina iomláine a chur ar an eolas i dtaca le hionchais agus freagrachtaí.

### Córam

Beidh 50% de chomhaltaí an Choiste Chuardaigh móide duine amháin mar chóram cruinnithe an Choiste Chuardaigh, le gach duine ag freastal i bpearsa, thar Zoom nó trí mhodh eile den sórt sin (m.sh. guthán) inar féidir leo a bheith i láthair go hiomlán agus dul i ngleic le gach plé a dhéantar.

Ag glacadh leis go bhfuil tiomantas ama fada ann, táthar ag súil go ndéanfaidh comhaltaí an Choiste Chuardaigh a ndícheall freastal ar gach cruinniú chun a chinntiú go bhfuil rannpháirtíocht iomlán agus leanúnachas críochnúil le plé an Choiste.

Sa chás go n-éiríonn comhalta as nó nach bhfuil comhalta ábalta freastal ar níos mó ná cruinniú sceidealaithe amháin, nó má tá folúntas ar an gCoiste nó ar aon fáth eile, féadfaidh an tÚdarás Rialaithe iarrthóir ionadaíoch a cheapadh ón toghcheantar céanna leis an gcomhalta sin.

### Próifíl an Iarrthóra

Tabharfaidh an Coiste Cuardaigh próifíl phost an Uachtaráin chun críche lena n-áirítear taithí, tréithe agus cáilíochtaí a cheanglaítear a bheith ag iarrthóirí d'oifig an Uachtaráin agus tuairimí chomhaltaí na hOllscoile agus na dhaoine iomchuí lasmuigh den Ollscoil á dtabhairt isteach. Cuirfear próifíl an phoist in iúl d'iarrthóirí féideartha tríd an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Cuardaigh agus ar shuíomh gréasáin seachtrach UCD.

## Amlíne Cuardaigh

Tabharfaidh an Coiste Cuardaigh faoina ghnó ag féachaint go cuí leis an amlíne atá ceadaithe ag an Údarás Rialaithe, a bhfuil freagrachtaí air i dtaca le leanúnachas ceannaireachta a chinntiú.

## Raon an Chuardaigh

Déanfar an cuardach laistigh de UCD, anseo in Éirinn agus go hidirnáisiúnta ó thaobh réime de.

## Gníomhaireacht an Chuardaigh

Fostóidh an Ollscoil gníomhaireacht feidhmiúcháin cuardaigh ghairmiúil, le saineolas agus taithí, chun an cuardach a bhainistiú agus aon tacaíocht ábhartha eile a sholáthar chuig an gCoiste Cuardaigh de réir mar a éilítear agus mar a leagtar amach sna doiciméid tairisceana. Déanfaidh an Coiste Cuardaigh athbhreithniú ar na tograí a fhaightear ó ghníomhaireachtaí chuardaigh agus cuirfidh sé an tÚdarás Rialaithe ar an eolas maidir leis an ngníomhaireacht chuardaigh a ceapadh.

## Nósanna Imeachta

Cuirfidh an Coiste Cuardaigh na nósanna imeachta atá ceadaithe ag an Údarás Rialaithe chun Uachtarán UCD a cheapadh i gcomhréir le téarmaí tagartha an Choiste chuardaigh.

Déanfar an tÚdarás Rialaithe a choimeád ar an eolas go rialta maidir le dul chun chinn an Choiste Chuardaigh. Dá bhrí sin, soláthróidh Cathaoirleach an Choiste Chuardaigh tuarascáil ag gach cruinniú an Údaráis Rialaithe, ar an mbonn tuisceana go ndéanfar na tuarascálacha sin i dtéarmaí ginearálta amháin, i bhfianaise íogaireachta agus rúndachta dhian obair an Choiste Chuardaigh.